Craobh an Domhain

Ceist 1 (a) Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi Chraobh Sacair an Domhain agus Éire. Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach ar na focail thíos atá le cloisteáil inti - an dtuigeann tú féin nó an duine in aice leat iad?

- deimhníodh
- iar-sheaimpíní
- cluiche cáilithe
- príomh-ionadaí
- meangadh mór gáire
- iomaíocht
- lucht tacaíochta
- ag creathadh
- tráth
- seachain

(b) Féachaigí ar an tuairisc anois - an féidir libh aon fhocal nach raibh ar eolas agaibh a fháil ón chomhthéacs?

Ceist 2 Anois agus an tuairisc feicthe agaibh cúpla uair, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an dá cholún thíos a cheangal.

1. An Afraic Theas	a. an áit ar roghnaíodh cé a bheidh ag imirt sna cluichí cáilithe do Chraobh an Domhain
2. Zurich na hEilvéise	b. ag imirt in éadan na hÚcráine
3. Páirc an Chrócaigh	c. bainisteoir fhoireann na Fraince
4. Seán St. Ledger	d. an fear gur féidir buíochas a ghabháil leis as a bheith san iomaíocht sna cluichí seo
5. Renaldo	e. an áit a mbeidh Craobh an Domhain
6. Raymond Domenech	f. imreoir ón Phortaingéil
7. An Ghréig	g. an ait a mbeidh an chéad chluiche in éadan na Fraince.

1	2	3	4	5	6	7

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus déan an méid eolais agus is féidir a bhreacadh síos faoin tuairisc nach bhfuil luaite sna colúin thuas. Ansin cuir do chuid eolais i gcomparáid leis an eolas atá ag an duine in aice leat.

Ceist 4 '. . .ceathrú lá déag de mhí na Samhna. . .'

(a) Breac síos míonna na bliana.

_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____

(b) Cuir an focal 'mí' roimh na míonna anois. Bí cúramach - athraíonn an litriú anois sa tuiseal ginideach i gcuid mhaith de na míonna.

_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____

(c) Féach ar an sampla seo – cén fáth a bhfuil séimhiú ar an fhocal 'mí' anois?

- an seachtú lá de mhí na Nollag.

Ceist 5 '…An tSlóivéin…'

Cén Béarla atá ar na tíortha seo thíos gur baill den Aontas Eorpach iad?

An Bheilg
An Bhulgáir
An Chipir
An Danmhairg
An Eastóin
Éire (Poblacht)
An Fhionlainn
An Fhrainc
An Ghearmáin
An Ghréig
An Iodáil
An Ísiltír
An Laitvia
An Liotuáin
Lucsamburg
Málta
An Ostair
An Pholainn
An Phortaingéil
An Ríocht Aontaithe
An Rómáin
An Spáinn
Poblacht na Seice
An tSlóivéin
An tSlóvaic
An tSualainn
An Ungáir

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine i do ghrúpa:

Cad a cheapann tú faoi chúrsaí sacair?
An tír í Éire a dhéanann go maith go ginearálta, i gcúrsaí spóirt sa domhan?
Cén tábhacht a bhaineann le hÉirinn a bheith i gCorn an Domhain, dar leat?
Ar cheart cead a thabhairt do dhuine nach Éireannach é imirt ar fhoireann na hÉireann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
deimhníodh – it was confirmed
iar-sheaimpíní –ex-champions
cluiche cáilithe –qualifying game
príomh-ionadaí – main representative
meangadh mór gáire –a big smile
iomaíocht – competition
lucht tacaíochta – supporters
ag creathadh – shaking
tráth – once
seachain – to avoid

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7
e	a	g	d	f	c	b

Ceist 3
Abair leis na foghlaimeoirí cúpla líne a scríobh faoi ábhar na míre agus é sin a chur i gcomparáid le hiarracht an duine in aice leo ansin.

Ceist 4
(a)

Eanáir	Feabhra
Márta	Aibreán
Bealtaine	Meitheamh
Iúil	Lúnasa
Meán Fómhair	Deireadh Fómhair
Samhain	Nollaig

(b)

mí Eanáir	mí Feabhra
mí an Mhárta	mí an Aibreáin
mí na Bealtaine	mí an Mheithimh
mí Iúil	mí Lúnasa
mí Mheán Fómhair	mí Dheireadh Fómhair
mí na Samhna	mí na Nollag

(c) Tagann séimhiú tar éis an réamhfhocail shimplí 'de'.

Ceist 5

An Bheilg / Belgium	An Bhulgáir / Bulgaria
An Chipir / Cyprus	An Danmhairg / Denmark
An Eastóin / Estonia	Éire (Poblacht) / Ireland
An Fhionlainn / Finland	An Fhrainc / France

An Ghearmáin / Germany
An Ghréig / Greece
An Iodáil / Italy
An Ísiltír / The Netherlands
An Laitvia / Latvia
An Liotuáin / Lithuania
Lucsamburg / Luxemburg
Málta / Malta
An Ostair / Austria
An Pholainn / Poland
An Phortaingéil / Portugal
An Ríocht Aontaithe / The United Kingdom
An Rómáin / Romania
An Spáinn / Spain
Poblacht na Seice / Czech Republic
An tSlóivéin / Slovenia
An tSlóvaic / Slovakia
An tSualainn / Sweden
An Ungáir / Hungary

Ceist 6
Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna anseo a phlé.

Craobh an Domhain

Maolra Mac Donnchadha

Deimhníodh tráthnóna gurb iad iar-sheaimpíní sacair na Cruinne, An Fhrainc atá idir Éirinn agus áit i gCraobh an Domhain san Afraic Theas an samhradh seo chugainn. De réir an tarraingt a rinneadh* i Zurich na hEilvéise, is i mBaile Átha Cliath a bheas an chéad chluiche cáilithe an mhí seo chugainn. Tháinig meangadh mór gáire ar Gerard Houllier, príomh-ionadaí na Fraince sa halla agus na liathróidí beaga glasa tagtha aníos as na babhlaí. Beidh an Fhrainc in ann Éire** a imirt i bPáras tar éis dóibh antrom Pháirc an Chrócaigh a bheith curtha díobh acu. Ach tá muid, ar a laghad san iomaíocht, a bhuíochas do chúl Seán St. Ledger agus don bhainisteoir. Dé Sathairn, an ceathrú lá déag de mhí na Samhna an chéad chomhraic leis na Francaigh, lá roimh chluiche fhoireann rugbaí na hÉireann ar an bpáirc chéanna. Ansin an Chéadaoin dár gcionn, an t-ochtú lá déag, a bheas an turas go Stade de France ag lucht tacaíochta a íocfaidh go daor ar thicéid eitleáin. Ach bídís buíoch nach sa bhfuacht i Moscó, ag creathadh roimh Andrei Arshavin, nó thall i Liospóin rósta ag Renaldo, a bheas siad.

Is fada uainn 1998 tráth a raibh na Francaigh ina máistrí. Tá ré Zizou thart. Cé go bhfuil Benzema, Ribery agus Anelka roimh fhoireann na hÉireann, níl an campa sásta ar chor ar bith de réir tuairiscí, faoi stiúir Raymond Domenech. Arís ar ais tá Henry ann i gcónaí – an fear a chuir an scian go deireanach in Éirinn tráth a raibh foireann i bhfad níos láidre againne freisin. Maidir leis na foirne a sheachain muid sna cluichí cáilithe, tarraingíodh an Phortaingéil le Bosnia and Herzegovina, an Rúis leis an tSlóivéin*** agus an Ghréig leis an Úcráin.

* *a deineadh* a deirtear
** *Éirinn* a deirtear
*** *le Slovenia* a deirtear